



**Comhad Idirinstiúideach:
2016/0149 (COD)**

**POSTES 5
TELECOM 102
MI 377
COMPET 292
DIGIT 118
CONSOM 176
IA 72
CODEC 727**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Uimh. an doic. roimhe seo:	8201/17 POSTES 3 TELECOM 84 MI 328 COMPET 252 DIGIT 89 CONSOM 139 IA 63 CODEC 591
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9706/16 POSTES 4 TELECOM 110 MI 407 COMPET 348 DIGIT 65 CONSOM 135 IA 35 CODEC 795 + ADD1 + ADD2 + ADD3 + ADD4 + ADD5
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí beartseachadta trasteorann - Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

Ar an 25 Bealtaine 2016, ghlac an Coimisiún an togra a luaitear thuas ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann le seirbhísí beartseachadta trasteorann, agus tharchuir sé chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa é. Sa Rialachán atá beartaithe, cuirtear leis na rialacha maidir le seirbhísí beartseachadta trasteorann dá bhforáiltear faoi láthair faoin Treoir um Sheirbhísí Poist 97/67/CE¹ agus déantar na rialacha sin a chomhlánú sa Rialachán atá beartaithe freisin.

¹ Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 015, 21 Eanáir 1998, lch. 14 - 25).

Is iad cuspóirí sonracha an togra:

- na margaí a chur ag obair ar bhealach níos éifeachtaí tríd an maoirseacht rialála ar mhargaí na mbeartán a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí agus tríd an iomaíocht a spreagadh;
- cur le trédhearcacht na dtaraifí d'fhonn na difríochtaí taraife nach bhfuil údar leo a laghdú agus na taraifí a íocann daoine aonair agus gnólachtaí beaga a laghdú, go háirithe i limistéir iargúlta.

Tacaíonn na cuspóirí sonracha sin le mórchuspóirí an mhargaidh aonair dhigitigh cur leis an r-thráchtáil trasteorann agus leis an gcuimsiú digiteach.

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún inar scrúdaíodh ceithre ghrúpa de roghanna beartais. Coinníodh dhá ghrúpa roghanna le díriú, go sonracha, ar thrédhearcacht na bpraghsanna, agus ar an maoirseacht rialála. Moltar sa mheasúnú tionchair go nglacfaí pacáiste beart le feabhas a chur ar thrédhearcacht taraifí de chuid soláthraithe seirbhíse uilechoitinne agus chun maoirseacht rialála na soláthraithe seirbhíse beartseachadta go léir a neartú, rud a dhéanfadh comhlánú ar an obair atá á déanamh go ginearálta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht seirbhísí seachadta trasteorann.

II. OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Thíolaic an Coimisiún a thogra do chruinniú comhpháirteach de chuid na Meithle um Iomaíochas agus Fás, na Meithle um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise agus na Meithle um Sheirbhísí Poist ar an 9 Meitheamh 2016. Rinne an Mheitheal um Sheirbhísí Poist (dá ngairtear “an Mheitheal” anseo feasta) scrúdú ar an measúnú tionchair ar an 7 Iúil 2016.

Tríd is tríd, bhí na toscaireachtaí den tuairim go ndéantar anailís chuí ar an togra ón gCoimisiún sa mheasúnú tionchair, lena n-áirítear na cuspóirí atá aige díriú ar thrédhearcacht na bpraghsanna agus ar an maoirseacht rialála agus gur bhonn maith é leis an dréachtrialachán a scrúdú, dá bhrí sin. Mar sin féin, ceistíonn roinnt toscaireachtaí raon na n-oibreoirí a bheidh le cumhdach i gcodanna éagsúla den dréachtrialachán (soláthraithe na seirbhíse uilechoitinne, fiontair bheaga agus mheánmhéide, oibreoirí eile) agus an tionchar atá aige ar iomaíocht chóir. Ina theannta sin, chuir formhór mór na dtoscaireachtaí in iúl go raibh inní orthu faoi chomhréireacht roinnt de na gníomhaíochtaí rialála a bhí beartaithe, faoin ualach riaracháin a bhí le cur i bhfeidhm agus faoin údar a bhí le bearta i ndáil le deighleoga sonracha den mhargadh a bheith in easnamh.

Tá forchoimeádais ghinearálta/forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ag na toscaireachtaí uile agus tá mionanailís á déanamh acu i gcónaí ar fhorálacha éagsúla atá sa dréachtrialachán. Tá an téacs comhréitigh nua ón Uachtaránacht, atá ina léiriú ar thoradh scrúdú na Meithle ar an 25 Aibreán 2016, le fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo. Is le **cló trom agus líne fúthu** a léirítear na hathruithe is déanaí. Léirítear téacs a scriosadh le **[]**. Léirítear athruithe i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún le **cló trom** agus léirítear téacs a scriosadh le **[]**.

Rinneadh oiriúnú ar na haithrisí chun na hathruithe sna forálacha substainteacha a léiriú.

III. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

Tar éis tuarascáil a thíolaic Uachtaránacht na Slóvaice don Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 2 Nollaig 2016 maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an scrúdú ar an togra seo (14401/16), lean an Mheitheal, faoi Uachtaránacht Mhálta, de scrúdú a dhéanamh ar an togra idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2017, agus rinne sí amhlaidh go mion minic. Ba dhúshlánach an plé é ar leibhéal na Meithle agus léiríodh go raibh tuairimí agus tosaíochtaí éagsúla ag na Ballstáit maidir le roinnt gnéithe den togra. Dá réir sin, d'oibrigh an Uachtaránacht go dian dícheallach chun teacht ar chomhréitigh le haird a thabhairt ar na hábhair inní éagsúla a d'ardaigh toscaireachtaí ionas go mbainfí cothromaíocht chuí amach sa téacs d'fhonn cur chuige ginearálta a fháil ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 9 Meitheamh 2017.

Is comhréiteach cothrom téacs comhréitigh na hUachtaránacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus d'fhéadfadh na toscaireachtaí glacadh leis i roinnt codanna i gcoitinne. Mar sin féin, is gá na príomhshaincheisteanna seo a leanas a dheimhniú fós sula bhféadfar teacht ar chomhaontú. Cuirtear na saincheisteanna sin in iúl gan dochar do na hábhair inní ar leith atá ag toscaireachtaí aonair ná d'fhorálacha eile a ndéantar athbhreithniú orthu sa togra nár tugadh aghaidh iomlán orthu fós.

Tairseach 50 duine ar a laghad ag obair don soláthraí seirbhíse beartseachadta mar theorainn le cur i bhfeidhm Airteagal 3 agus Airteagal 4 (Aithris 10):

Is féidir le líon mór toscaireachtaí glacadh le tairseach 50 duine mar theorainn le cur i bhfeidhm Airteagal 3 agus Airteagal 4. Mar sin féin, tá beagán Ballstát den tuairim go bhfuil an tairseach sin ró-ard agus ba mhaith leo í a laghdú go mór. Déanann go mór mór na Ballstáit sin a bhfuil margaí teoranta acu, ina n-oibríonn roinnt soláthraithe seirbhíse a bhfuil líon is lú ná 50 oibrí acu, argóint gur dheacair faireachán cuí a dhéanamh ar an margadh agus trédhearcacht leordhóthanach ar tharaifí a chur ar fáil mar gheall ar thairseach chomh hard sin a bheith ann. De bhreis air sin, iarradh gur gcuirfí fochonraitheoirí san áireamh freisin, agus an tairseach á ríomh, chun méid ceart an oibreora a léiriú. Ina theannta sin, moladh critéir eile amhail láimhdeachas agus sciar den mhargadh a úsáid seachas meánlíon na n-oibríthe.

Molann an Uachtaránacht tairseach 50 duine a choinneáil sa dá airteagal agus catagóirí na n-oibríthe atá le cur san áireamh sa ríomh ar an tairseach a shonrú (fostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, sealadacha agus féinfhostaithe). Creideann an Uachtaránacht gur theorainn iomchuí le cur i bhfeidhm na n-airteagal sin tairseach den sórt sin. De bhreis air sin, eascraíonn an líon 50 duine as ceann de na gnéithe a úsáidtear i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún maidir le FBManna a shainiú.

Airteagal 5 - Measúnú ar tharaifí trasteorann (Aithris 12 agus Aithris 16):

Le linn don Mheitheal an t-airteagal seo a scrúdú, mhol roinnt toscaireachtaí go scriosfaí é. Déanann na toscaireachtaí sin, agus Airteagal 4 á chur i bhfeidhm maidir le gach soláthraí seirbhíse beartseachadta trasteorann, argóint go soláthrófaí trédhearcacht leordhóthanach ar tharaifí trasteorann agus go bhféadfaí inchomparáideacht chuí ar na taraifí a bheartú. Dá bhrí sin, níor ghá measúnú a dhéanamh ar tharaifí trasteorann a leagtar amach in Airteagal 5 agus ina dhiaidh sin, ach an t-airteagal sin a scriosadh, laghdófaí an t-ualach riaracháin ar údaráis rialála náisiúnta agus oibreoirí.

Ar an taobh eile, d'fhéadfadh líon substainteach toscaireachtaí glacadh leis go gcoinneofaí an t-airteagal seo ar an gcoinníoll go gcuirfí srian leis an raon feidhme chun soláthraithe seirbhíse uilechoitinne a ghníomhaíonn faoi oibleagáid seirbhíse uilechoitinne de chuid Ballstáit, agus na soláthraithe sin amháin, a chur san áireamh.

I bhfianaise a bhfuil thuas, molann an Uachtaránacht go gcoinneofaí Airteagal 5 agus go gcuirfí srian leis an raon feidhme chuig soláthraithe seirbhíse uilechoitinne amháin. De bhreis air sin, ní chuirfear san áireamh sa mheasúnú a bheidh le soláthar ach na míreanna poist sin a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a thig faoi oibleagáid seirbhíse uilechoitinne na mBallstát. Rinneadh, sa bhreis air sin, na critéir ghinearálta ar a mbeidh an measúnú bunaithe a shonrú sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus cuireadh foráil leis go díreach san airteagal, murab ionann agus i ngníomh cur chun feidhme, is é sin, foráil le cúram a chur ar an gCoimisiún treoirlínte a leagan amach faoin modheolaíocht chun na critéir sin a chur i bhfeidhm. Creideann an Uachtaránacht gur chomhréiteach cothrom a bheadh sa téacs a moladh chun Airteagal 5 a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus go dtabharfaí aird ar thuairimí éagsúla na dtoscaireachtaí, a ndéantar cur síos orthu thuas, agus, dá bhrí sin, creideann sí go bhféadfadh tromlach na dtoscaireachtaí glacadh leis.

IV. CONCLÚID

I bhfianaise a bhfuil thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo, a scrúdú, a dheimhniú, agus a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh chun cur chuige ginearálta a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aige ar an 9 Meitheamh 2017.

2016/0149 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le seirbhísí beartseachadta trasteorann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

- (1) Na taraifí is infheidhme maidir le seoltóirí ísealtoirte beartán agus míreanna eile poist trasteorann, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (**FBManna**) agus daoine aonair, tá siad fós réasúnta ard. Tá tionchar diúltach díreach aige sin ar úsáideoirí a bhíonn ag lorg seirbhísí beartseachadta trasteorann, go háirithe i gcomhthéacs na r-thráchtála.
- (2) Tá difríochtaí bunúsacha idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na hinniúlachtaí a thugtar do na húdaráis rialála náisiúnta i ndáil le faireachán ar an margadh agus maoirseacht rialála ar sholáthraithe beartseachadta. Dearbhaíodh an méid sin i dtuarascáil chomhpháirteach⁴ a d'ullmhaigh Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach, a tháinig ar an tuairim gur ghá go mbeadh na cumhachtaí iomchuí rialála ó na húdaráis rialála náisiúnta chun idirghabháil a dhéanamh agus nach léir gurb ann do na cumhachtaí sin sna Ballstáit uile. Is é an toradh a bhíonn ar na difríochtaí sin go mbíonn ualaí breise riaracháin agus costais bhreise chomhlíonta i gceist do sholáthraithe seirbhíse beartseachadta a oibríonn trasteorann. Dá bhrí sin, is bacainn iad na difríochtaí sin ar sholáthar seirbhísí beartseachadta trasteorann agus dá bharr sin tá tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (3) Tá an margadh le haghaidh seirbhísí beartseachadta trasteorann ilghnéitheach, casta, agus soláthraithe éagsúla ag tairiscint seirbhísí éagsúla agus praghsanna éagsúla ag brath ar mheáchan, ar mhéid agus ar fhormaid na míreanna a sheoltar, agus ag brath ar an gceann scríbe, ar na gnéithe breisluacha, amhail réitigh inrianaitheachta, agus líon na míreanna a sheoltar. De bharr na hilghnéitheachta sin, is deacair comparáid a dhéanamh idir soláthraithe éagsúla, ó thaobh cáilíochta de agus freisin ó thaobh praghais de. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn seoltóirí ísealtoirte, amhail **[] FBManna** agus daoine aonair ar an eolas faoi na seirbhísí beartseachadta éagsúla atá á dtairiscint.

⁴ BoR (15) 214/ERGP PL (15) 32.

(4) D'fhonn feabhas a chur ar inacmhainneacht na seirbhísí beartseachadta trasteorann, go háirithe d'úsáideoirí i limistéir iargúlta nó i limistéir atá tearc i ndaonra, is gá feabhas a chur ar thrédhearcaht liostaí poiblí na dtaraifí ar líon teoranta de sheirbhísí beartseachadta trasteorann []. **Dá mbeadh praghsanna trasteorann níos trédhearcaí agus níos inchomparáide ar fud an Aontais, ba cheart go gcabhrófaí le difríochtaí míréasúnta idir na taraifí a laghdú. []**

(5) []

(5a) Le soláthraí seirbhíse uilechoitinne, tagraítear d'oibreoír poist a chuireann seirbhís uilechoiteann poist nó codanna di ar fáil laistigh de Bhallstát ar leith. Soláthraithe seirbhíse uilechoitinne a fheidhmíonn i níos mó ná Ballstát amháin, níor cheart iad a aicmiú mar soláthraithe seirbhíse uilechoitinne ach amháin sa Bhallstát (nó sna Ballstáit) ina gcuireann siad an tseirbhís uilechoiteann poist ar fáil.

(6) Faoi láthair, tá seirbhísí poist á rialú le Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵. [] Leis an Treoir **sin** bunaítear rialacha comhchoiteanna lena rialaítear soláthar na seirbhísí poist agus an tseirbhís uilechoiteann poist san Aontas. [] Comhlánaíonn an Rialachán[] seo na rialacha a leagtar amach i dTreoir 97/67/CE, a mhéid a bhaineann le seirbhísí beartseachadta trasteorann.

(6a) Ní thugtar aon mhodhnú isteach, leis an Rialachán seo, maidir leis an sainmhíniú ar mhír poist de réir bhrí phointe 6 d'Airteagal 2 de Threoir 97/67/CE ná ar a chur chun feidhme.

(7) []

⁵ Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis na comhrialacha chun margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14[]).

(8) [] **Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme**, tá sé tábhachtach sainmhíniú soiléir a sholáthar **ar bheartáin** agus ar sheirbhísí beartseachadta agus na míreanna poist a chumhdófaí leis na **sainmhínte** sin [] **a shonrú. Déantar talamh slán de gur earraí seachas comhfhreagas atá i míreanna poist atá níos tiubhe ná 20mm. Míreanna poist nach bhfuil iontu ach comhfhreagras, níor cheart go dtiocfaidís faoi raon feidhme na seirbhísí beartseachadta. [] I gcomhréir le cleachtas comhsheasmhach, [] bíonn meáchan suas go 31.5 kg i mbeartáin, ós rud é nach bhféadfadh an gnáthdhuine aonair míreanna níos troime ná sin a láimhseáil gan cúnadh meicniúil agus baineann an ghníomhaíocht sin le hearnáil an iompair lasta agus na lóistíochta.[]**

(8a) **Soláthraithe seirbhísí beartseachadta a úsáideann samhlacha malartacha gnó, mar shampla na samhlacha sin a tharraingíonn as an ngeilleagar comhoibríoch agus ardáin r-thráchtála, ba cheart iad a bheith faoi réir an Rialacháin seo má chuireann siad ceann amháin ar a laghad ar fáil de na céimeanna sa slabhra seachadta poist. Imréiteach, sórtáil agus seachadadh, lena n-áirítear seirbhísí bailithe, ba cheart iad a mheas mar sheirbhísí beartseachadta, lena n-áirítear nuair a chuireann soláthraithe seirbhíse cúiréireachta agus soláthraithe mearsheirbhíse ar fáil iad, chomh maith le comhdhlúiteoirí, i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Maidir le hiompar ina aonar, nach ndéantar i gcomhar le ceann de na céimeanna sin, níor cheart dó teacht faoi raon feidhme na seirbhísí beartseachadta ós rud é gur féidir talamh slán a dhéanamh de sa chás sin gur cuid d'earnáil an iompair an ghníomhaíocht sin.**

(8b) **Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le [...] gnóthais nach bhfuil ach líonraí inmheánacha seachadta acu d'fhonn orduithe a chomhlíonadh d'earraí a dhíoladar féin. [...] Gnóthais a úsáideann líonraí inmheánacha seachadta freisin chun earraí arna ndíol ag tríú páirtithe a sheachadadh [...] ba cheart dóibh [...] a bheith faoi réir an Rialacháin seo.**

(9) []

- (10) Tá sé riachtanach go mbeidh eolas agus faisnéis ag na húdaráis rialála náisiúnta chun críocha staidrimh maidir leis na soláthraithe seirbhíse beartseachadta atá gníomhach ar an margadh. [] **De bharr gur earnáil dhlúthshaothair í an earnáil agus** chun go mbeadh teorainn leis an ualach riaracháin a bheadh ar sholáthraithe nó ar **fhochonraitheoirí** beaga seirbhíse beartseachadta nach bhfuil gníomhach ach ar mhargadh [] réigiúnach **nó baile**, ba cheart tairseach **50 duine** a chur i bhfeidhm, bunaithe ar **mheánlíon** na ndaoine atá ag obair don soláthraí seirbhíse **le linn na bliana féilire roimhe sin** agus a raibh baint acu le soláthar seirbhíse beartseachadta **sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe, ach amháin má tá an soláthraí sin bunaithe i níos mó ná aon Bhallstát amháin. Ba ó mholadh ón gCoimisiún 2003/361⁶ a tháinig an spreagadh le haghaidh tairseach 50 daoine.**
- (11) Cinnfear an áit ina mbunófar an soláthraí i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais. I gcás ina mbeadh soláthraí bunaithe i roinnt áiteanna, tá sé tábhachtach go gcinnfí an áit ina bhfuil sé bunaithe arb é an áit é óna ndéantar an tseirbhís iarbhír lena mbaineann a sholáthar.
- (11a) Agus faisnéis á tíolacadh don údarás náisiúnta rialála, ba cheart go n-áiritheofaí i saintréithe na seirbhíse beartseachadta, na céimeanna sa slabhra seachadta poist (imréiteach, sórtáil, iompar agus dáileadh) a dhéanann an soláthraí sin; cibé acu atá an tseirbhís laistigh nó lasmuigh de raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse uilechoitinne; raon feidhme críochach na seirbhíse (réigiúnach, baile, trasteorann); agus má tá breisluach á chur ar fáil.**

⁶ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(12) Ba cheart [] liosta na míreanna poist atá faoi réir bearta trédhearcachta praghsanna [...] a theorannú chun inchomparáideacht a éascú agus chun an t-ualach riaracháin a íoslaghú ar sholáthraithe seirbhísí beartseachadta trasteorann agus ar údaráis rialála náisiúnta. Ba cheart seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí cláraithe a áireamh mar is iadsan is bunús leis an oibleagáid seirbhíse uilechoitinne, agus i bhfianaise an tábhacht a bhaineann leis an bhfeidhmiúlacht rianaithe agus lorgaireachta don ríomhthráchtáil, ba cheart na praghsanna don rianú agus lorgaireacht agus do bheartáin chláraithe a áireamh freisin, bídís nó ná bídís mar chuid den oibleagáid seirbhíse uilechoitinne, chun inchomparáideacht a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh. Ba cheart díriú ar ualaigh níos éadroime, arb iadsan formhór na míreanna poist arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse beartseachadta, lena n-áirítear na praghsanna do na míreanna poist atá níos tiubhe ná 20 mm agus a dhéantar a phróiseáil mar litreacha. Ba cheart gan ach taraifí do phíosáí aonair a áireamh ós iad sin na praghsanna a íocann na seoltóirí is lú. Ba cheart na míreanna poist lena mbaineann a leagan amach go soiléir in iarscríbhinn a bheadh ag gabháil leis an Rialachán seo. Ní chuirtear d'oibleagáid, leis an Rialachán seo, ar sholáthraithe seirbhísí beartseachadta trasteorann na míreanna poist ar fad atá liostaithe san Iarscríbhinn a thairiscint. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse beartseachadta trasteorann an fhaisnéis faoi tharaifí a chur ar fáil iad féin chun beachtas a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún na taraifí sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe agus ba cheart dóibh a bheith ina mbunús do na húdaráis rialála náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar tharaifí na míreanna poist sin a liostaítear san Iarscríbhinn a thagann faoi oibleagáid seirbhíse uilechoitinne na soláthraithe seirbhíse uilechoitinne [...].

(13) []

(14) []

(15) D'fheadfadh taraifí aonfhoirmeacha i gcomhair seachadtaí trasteorann ar dhá Bhallstát nó níos mó a bheith tábhachtach ar mhaithe le comhtháthú réigiúnach agus sóisialta a chosaint. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a chur san áireamh go gcuireann an r-thráchtáil deiseanna nua ar fáil do limistéir inar tearc an daonra páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch. []

- (16) Aon difríochtaí suntasacha idir taraifí baile agus taraifí trasteorann do sheirbhísí beartseachadta, ba cheart údar maith a bheith leo de réir critéir oibiachtúla []. **D’fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú do na húdaráis náisiúnta rialála agus [...] soláthraithe seirbhíse uilechoitinne agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart go gceanglófaí measúnú ar tharaifí trasteorann ach amháin i gcásanna ina bhfuil eilimintí ag údaráis rialála náisiúnta, ar bhonn [...] sásra scagtha réamh-mheasúnaithe, le ceapadh go bhféadfadh sé go maith go bhfuil na taraifí trasteorann míréasúnta ard[].**
- (17) D’fhonn trédhearcacht a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart don Choimisiún **leagan neamhrúnda den [] mheasúnú [] arna dhéanamh ag gach údarás náisiúnta rialála [] a fhoilsiú []**.
- (18) []
- (19) []
- (20) []
- (20a) D’fhonn teorainn a chur leis an ualach riaracháin, ba cheart gur trí mheáin leictreonacha a dhéanfadh soláthraithe seirbhíse beartseachadta, údaráis rialála náisiúnta agus an Coimisiún sonraí a aistriú, mar shampla trí chead a thabhairt don úsáid ríomhshínithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (Rialachán eIDAS)⁷.**
- (21) De bhrí go bhfuil na margaí i gcomhair seirbhísí beartseachadta ag athrú go gasta, ba cheart don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an Rialacháin seo, **agus forbairtí sa r-thráchtáil á gcur san áireamh**, agus tuarascáil rialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. I dteanna na tuarascála sin, ba cheart, más iomchuí, tograí le haghaidh athbhreithnithe a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

⁷ **Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.08.2014, lch. 73).**

- (21a) Ba cheart don Choimisiún tógáil ar ionchur luachmhar ó Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Poist atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis náisiúnta rialála.**
- (22) D'fhonn a áirithiú go mbeidh dálaí aonfhoirmeacha ann do chur chun feidhme **an Rialacháin seo** [], ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm a bhunú **do na soláthraithe seirbhísí beartseachadta** chun faisnéis a thíolacadh **d'údaráis rialála náisiúnta**. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.
- (23) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin.
- (24) Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ maidir le próiseáil sonraí pearsanta laistigh de chreat an Rialacháin seo.

⁸ Rialachán (AE) 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13 []).

⁹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle. (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89 []).

¹⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 []).

(24a) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(25) Ós rud nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon na prionsabail agus na rialacha rialála atá riachtanach a bhunú chun feabhas a chur ar an maoirseacht rialála, trédhearcacht na bpraghsanna a fheabhsú agus prionsabail áirithe a bhunú maidir le seirbhísí beartseachadta trasteorann lenar cheart iomaíocht a chothú, a ghnóthú go leordhóthanach [] **ach** [], de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na [] cuspóirí **sin** a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Ábhar agus sainmhínte

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha sonracha, de bhreis ar na rialacha a leagtar amach i dTreoir 97/67/CE, maidir leis na méid seo a leanas:

- (a) an mhaoirseacht rialála a bhaineann le seirbhísí beartseachadta;
- (b) trédhearcacht na dtaraifí **agus measúnú orthu** [] i gcomhair seirbhísí áirithe beartseachadta trasteorann [];
- (c) []

Airteagal 2

Sainmhínte

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte a leagtar amach i dTreoir 97/67/CE.
2. I dteannta na sainmhínte dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (-a) **ciallaíonn “beartán” mír phoist nach mó a meáchan ná 31,5kg lena n-eisiatar [...] míreanna comhfhreagrais [...];**
- (a) ciallaíonn "seirbhísí beartseachadta" seirbhísí ina ndéantar beartáin a imréiteach, a shórtáil, a iompar [] **agus a dháileadh** [];

- (b) ciallaíonn "soláthraí seirbhíse beartseachadta" gnóthas a sholáthraíonn seirbhís beartseachadta amháin nó níos mó; **Ní mheasfar gur soláthraithe seirbhísí beartseachadta iad gnóthais nach soláthraíonn ach seirbhísí beartseachadta baile mar chuid de chonradh díolacháin mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Airteagal 2[...] de Threoir 2011/83/AE agus mar chuid den chonradh sin go seachadann an gnóthas na hearraí sin ar an tomhaltóir go pearsanta;**
- (ba) ciallaíonn 'fochonraitheoir' gnóthas a dhéanann beartáin a imréiteach, a shórtáil, a iompar nó a dháileadh don soláthraí seirbhíse beartseachadta; ní mheasfar gur fochonraitheoir é gnóthas nach ndéanann ach iompar amháin a sholáthar.
- (c) []

CAIBIDIL II

Maoirseacht rialála

Airteagal 3

Faisnéis a sholáthar

1. Cuirfidh na soláthraithe seirbhíse beartseachadta uile an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe **ach amháin más rud é gur iarr an t-údarás rialála náisiúnta faisnéis den chineál agus go bhfuarthas í cheana:**
- (a) ainm an tsoláthraí **seirbhíse beartseachadta**, a stádas dlíthiúil agus a fhoirm dhlíthiúil, cláruimhir i gclár trádála nó i gclár comhchosúil, uimhir **aitheantais** CBL, seoladh na bunaíochta agus duine teagmhála;
- (b) [] **saintréithe** na seirbhísí **beartseachadta** a thairgeann an soláthraí **seirbhíse beartseachadta**;

- (c) **téarmaí agus coinníollacha ginearálta** an tsoláthraí seirbhíse beartseachadta le haghaidh seirbhísí beartseachadta.
2. Cuirfidh soláthraithe seirbhíse beartseachadta an t-údarás rialála náisiúnta ar an eolas faoi **aon athrú maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1** laistigh de 30 lá.
3. Faoin **30 Meitheamh** gach bliain féilire, cuirfidh na soláthraithe seirbhíse beartseachadta uile an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe **ach amháin más rud é gur iarr an t-údarás rialála náisiúnta faisnéis den chineál sin agus go bhfuarthas í cheana:**
- (a) an láimhdeachas bliantúil i seirbhísí beartseachadta don bhliain féilire roimhe sin sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí **seirbhíse beartseachadta** bunaithe, arna mhiondealú de réir **seirbhísí beartseachadta** baile isteach **agus** trasteorann amach;
- (b) meánlíon na ndaoine atá ag obair don **soláthraí seirbhíse beartseachadta le linn na bliana féilire roimhe sin** a raibh baint acu le soláthar seirbhísí beartseachadta sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí **sin** bunaithe . **Cuirfear san áireamh sa mheánlíon daoine, daoine atá fostaithe go lánaimseartha, go páirtaimseartha, go sealadach agus daoine féinfhostaithe;**
- (c) an líon beartán a láimhseáladh **le linn na bliana féilire roimhe sin** sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí **seirbhíse beartseachadta** bunaithe, arna mhiondealú de réir **beartáin** bhaile isteach **agus beartáin** thrasteorann amach;
- (d) **i gcás ina bhfuil sé ar fáil, aon liosta praghsanna inrochtana don phobal is infheidhme ar an 1 Eanáir gach bliain féilire maidir le seirbhísí beartseachadta.**
4. **[Faoi XX]**, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, foirm a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 **agus i mír 3** a thíolacadh. Glacfar an **gníomh** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9.

5. Féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta ceanglais faisnéise a fhorchur de bhreis ar na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 ar choinníoll go mbeidh gá leo agus go mbeidh siad comhréireach .

5a. Beidh gach fochonraitheoir faoi réir na n-oibleagáidí céanna faisnéise leis na soláthraithe seirbhíse beartseachadta faoin Airteagal seo cé is moite de pointe (c) de mhír 1 agus pointe (d) de mhír 3.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haon soláthraí seirbhíse beartseachadta nó fochonraitheoir a raibh, le linn na bliana féilire roimhe sin, níos lú ná 50 duine, ar an meán, ag obair dó, agus a raibh baint acu le soláthar seirbhísí beartseachadta sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe , ach amháin má tá an soláthraí sin bunaithe i níos mó ná aon Bhallstát amháin. Cuirfear san áireamh sa mheánlíon daoine, daoine atá fostaithe go lánaimseartha, go páirtaimseartha, go sealadach agus daoine féinhostaithe.

6a. [...]

Airteagal 4

Trédhearcacht taraifí trasteorann

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhíse beartseachadta trasteorann liosta poiblí na dtaraifí is infheidhme an 1 Eanáir gach bliain féilire chun míreanna poist a liostaítear san Iarscríbhinn a sheachadadh a sholáthar d'údarás rialála náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe. Déanfar an fhaisnéis sin a sholáthar faoin 31 Eanáir gach bliain féilire ar a dhéanaí.
2. Déanfaidh an húdaráis rialála náisiúnta liostaí poiblí na dtaraifí a bheidh faighte acu i gcomhréir le mír 1 a chur faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill agus faoin 28 Feabhra gach bliain féilire ar a dhéanaí. Foilseoidh an Coimisiún iad ar shuíomh gréasáin tiomnaithe faoin 31 Márta gach bliain féilire ar a dhéanaí.

2a. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haon soláthraí seirbhíse beartseachadta trasteorann a raibh, le linn na bliana féilire roimhe sin, níos lú ná 50 duine, ar an meán, ag obair dó, agus a raibh baint acu le soláthar seirbhísí beartseachadta sa Bhallstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe, ach amháin má tá an soláthraí sin bunaithe i níos mó ná aon Bhallstát amháin. Cuirfear san áireamh sa mheánlíon daoine, daoine atá fostaithe go lánaimseartha, go páirtaimseartha, go sealadach agus daoine féinhostaithe.

3. []

4. []

Airteagal 5

[] Measúnú ar tharaifí trasteorann

-1. Maidir le gach mír phoist a liostaítear san Iarscríbhinn **a thagann faoi oibleagáid seirbhíse uilechoitinne a Bhallstáit**, déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta na taraifí trasteorann do sheirbhísí beartseachadta a shainaitheint **a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse uilechoitinne** arna dtionscnamh ina Bhallstát a mheasann **gur gá measúnú a dhéanamh orthu d'fhonn taraifí trasteorann** atá míreasúnta ard a shainaitheint [...], bunaithe ar an liosta poiblí taraifí a gheobhaidh sé i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

1. []

2. [] **Bunóidh** an t-údarás rialála náisiúnta [] a mheasúnú ar na taraifí trasteorann dá dtagraítear i mír -1 ar na [...] **critéir** seo a leanas:

- (a) sásra scagtha réamh-mheasúnaithe a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar ghnéithe amhail **céatadán na dtaraifí is airde a chuirtear i bhfeidhm san Aontas i gcás gach mír phoist a liostaítear san Iarscríbhinn lena gcuirfear san áireamh paireachtaí cumhachta ceannaigh nó taraif thrasteorann na míre poist a liostaítear san Iarscríbhinn agus sin níos airde ná suim a taraife baile sa Bhallstát tionscnaimh agus a taraife baile sa Bhallstát cinn scríbe tar éis fachtóir iolrúcháin a chur i bhfeidhm maidir leis an tsuim sin;**

(b) [...]

([...]**b**) [...] aon taraif uilechoiteann a chuirtear i bhfeidhm ar dhá Bhallstát nó níos mó agus taraifí baile na míre poist sa Bhallstát tionscnaimh agus sa Bhallstát ceann scríbe; [...]

(c) toirteanna déthaobhacha, costais shonracha iompair nó láimhseála, costais ábhartha eile agus caighdeáin cháilíochta seirbhíse.

Chun na críche sin, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta [] aon [...] fhianaise a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse uilechoitinne.

Leagfaidh an Coimisiún treoirlínte amach maidir leis [...] an modheolaíocht chun na critéir dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

3. Soláthróidh an soláthraí seirbhíse uilechoitinne [] **an fhianaise** dá dtagraítear i mír 2 laistigh de [] **1 mhí amháin** ón dáta a bhfaighidh sé an iarraidh.
4. Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a mheasúnú a thíolacadh **go leictreonach** chuig an gCoimisiún [].

Ina theannta sin, soláthróidh an t-údarás rialála náisiúnta leagan neamhrúnda den mheasúnú sin [] don Choimisiún agus, ar iarraidh a bhfuil bonn cirt léi, d'aon údarás rialála náisiúnta de chuid na mBallstát [] a ndéanann sé difear dóibh [].

Déanfar **an fhaisnéis a cheanglaítear leis an mír seo** a soláthar faoin [] 31 **Bealtaine** gach bliain féilire ar a dhéanaí.

- 4a. **Áiritheoidh na húdaráis rialála náisiúnta agus an Coimisiún, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, rúndacht an mheasúnaithe agus na fianaise a sholáthraítear i gcomhréir le mír 2.**

5. Foilseoidh an Coimisiún an leagan neamhrúnda den mheasúnú a sholáthair na húdaráis rialála náisiúnta i gcomhréir le mír 4 ar an suíomh gréasáin tiomnaithe faoin **]] 30 Meitheamh** gach bliain féilire ar a dhéanaí.

Airteagal 6

Rochtain thrasteorann thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach

]]

CAIBIDIL III

Cur chun feidhme, athbhreithniú agus teacht i bhfeidhm

Airteagal 7

Pionóis

- 1.** Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe [...] **ar** an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- 2.** Tabharfaidh **gach** Ballstát fógra don Choimisiún [...] faoi **aon** fhorálacha **a ghlacfaidh sé ina dhlí de bhun mhír 1**, faoi **loch mí dhéag i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo** agus, tabharfaidh sé fógra freisin [...] gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

Airteagal 8

Athbhreithniú

[] **Faoi [dhá bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]**, agus [] gach **dhá** bhliain **ina dhiaidh sin**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta, agus beidh togra le haghaidh a athbhreithnithe ag gabháil léi, más iomchuí.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) cibé **ar cuireadh le feabhsú na** seirbhísí beartseachadta trasteorann **de bharr an [] mheasúnaithe[]**, lena n-áirítear **inacmhainneacht** i gcomhair úsáideoirí atá lonnaithe i limistéir atá iargúlta nó inar tearc an daonra;
- (b) []
- (c) a mhéid a bhí deacrachtaí ag na húdaráis rialála náisiúnta i ndáil leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, **lena n-áirítear meastóireacht ar anailís chainníochtúil ar na hiarmhairtí riaracháin;**
- (d) an dul chun cinn atá déanta i dtaca le tionscnaimh eile chun an margadh aonair a chomhlánú le haghaidh seirbhísí beartseachadta.

Airteagal 9

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an Treoir maidir le Post, a bunaíodh le hAirteagal 21 de Threoir 97/67/CE, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 10
Teacht i bhfeidhm

- 1.** Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- 2.** **Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cé is moite d'Airteagal 7, a mbeidh feidhm aige ón ... [18 mí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

II

Liosta na míreanna poist a mbeidh taraifí soláthraithe seirbhíse beartseachadta i dtaca leo faoi réir na mbeart maidir le trédhearcacht na bpraghsanna agus an mheasúnaithe dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5.

- (a) litir chaighdeánach 500 g (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (b) litir chaighdeánach 1 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (c) litir chaighdeánach 2 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (d) litir chlárarithe 500 g (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (e) litir chlárarithe 1 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (f) litir chlárarithe 2 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (g) litir rianaithe agus lorgaireachta 500 g (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (h) litir rianaithe agus lorgaireachta 1 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (i) litir rianaithe agus lorgaireachta 2 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (j) beart caighdeánach 1 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (k) beart caighdeánach 2 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (l) beart caighdeánach 5 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (m) beart rianaithe agus lorgaireachta 1 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (n) beart rianaithe agus lorgaireachta 2 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas);
- (o) beart rianaithe agus lorgaireachta 5 kg (taraif bhaile agus taraif laistigh den Aontas).

Comhlíonfaidh na míreanna poist [] a liostaítear i bpointí (a) go (o) na critéir seo a leanas:

- (a) Teorainneacha méide na míreanna poist a liostaítear i bpointí (a) go (i) (táirgí poist litreach), is í seo a leanas an riail a chomhlíonfaidh siad: Fad, leithead agus **tiús** le chéile []: 900 mm, [] **beidh** an toise is mó níos lú ná 600 mm, beidh an toise is lú níos mó ná 20 mm;
- (b) Ní bheidh na beartáin a liostaítear i bpointí [] (j) go (o) níos lú ná an mhéid a fhorordaítear do na litreacha a liostaítear i bpointí (a) go (i)

Na gnéithe nach mór a chur san áireamh tráth a sholathraítear an fhaisnéis faoi na taraifí i ndáil le pointí (a) go (o):

- (*) Maidir leis na taraifí a chomhfhreagraíonn do na míreanna poist, is **taraifí píosáí singil** a bheidh iontu agus ní bheidh aon lascaíní speisialta iontu ar bhonn toirteanna nó ar bhonn aon chóireáil speisialta eile.
- (**) Soláthrófar luach na dtaraifí do na húdaráis rialála náisiúnta agus ní áireofar an CBL ann.
- (***) Soláthraithe a chuirfidh níos mó ná [] **mír phoist** amháin a chomhlíonann na critéir thuas ar fáil, ba cheart dóibh an **taraif** is saoire a thuairisciú [].
- (****) Beidh na taraifí thuas comhfhreagrach leis na míreanna **poist** a bheidh á seachadadh ag áit chónaithe nó áitreabh **an tseolaí** sa Bhallstát **cinn scríbe** [].